



Uimhir 30 de 2013

An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2013

[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 30 de 2013

AN tACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACTHA, 2013

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Feidhm forálacha reachtúla áirithe
2. Imeachtaí a chur ar atráth chun déanamh togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a éascú
3. Is sa Chúirt Chuarda a thionscnófar imeachtaí a bhaineann le morgáistí áirithe
4. Foráil i leith imeachtaí áirithe
5. Gearrtheideal agus tosach feidhme

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 (Uimh. 41)

An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24)

Conveyancing Act 1881 (44 & 45 Vict., c. 41)

Conveyancing Act 1911 (1 & 2 Geo. 5, c. 37)

An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 (Uimh. 27)

An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 (Uimh. 27)

An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Uimh. 44)

An tAcht um Chlárú Teidil, 1964 (Uimh. 16)



Uimhir 30 de 2013

AN tACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACTHA, 2013

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú go mbeidh feidhm ag forálacha reachtúla áirithe maidir le morgáistí d'aicme ar leith d'ainneoin aisghairm agus leasú na bhforálacha reachtúla sin leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009, do dhéanamh socrú maidir le himeachtaí dlí a chur ar atráth i gcásanna áirithe agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [24 Iúil 2013]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Feidhm forálacha reachtúla áirithe

1. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le morgáiste arna chruthú roimh an 1 Nollaig 2009.
- (2) Maidir le morgáiste a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis, tá feidhm ag na forálacha reachtúla agus féadfaidh aon duine iad a agairt nó a fheidhmiú amhail is nár aisghaireadh na forálacha sin le halt 8(3) d'Acht 2009 agus le Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin.
- (3) Maidir le morgáiste a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis, tá feidhm ag na forálacha leasaithe agus féadfaidh aon duine iad a agairt nó a fheidhmiú amhail is nár leasaíodh na forálacha sin le halt 8(1) d'Acht 2009 agus le Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin.
- (4) Ní dochar *fo-ailt (1)* go *(3)* d'aon cheart ná teideal a fhéadfaidh a bheith ag duine thairis sin chun dul ar iontaoibh na bhforálacha reachtúla nó na bhforálacha leasaithe.
- (5) Níl feidhm ag an alt seo maidir le himeachtaí arna dtionscnamh roimh theacht i ngníomh don alt seo.
- (6) San alt seo—
ciallaíonn “Acht 1964” an tAcht um Chlárú Teidil, 1964;
ciallaíonn “Acht 2009” an tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009;
ciallaíonn “forálacha leasaithe” alt 62(2) agus (6) d'Acht 1964;

tá le “morgáiste” an bhrí chéanna atá leis sa *Conveyancing Act 1881*;
ciallaíonn “forálacha reachtúla” ailt 2 agus 18 go 24 den *Conveyancing Act 1881*, ailt 3, 4 agus 5 den *Conveyancing Act 1911* agus alt 62(3), (7) agus (8) d'Acht 1964.

Imeachtaí a chur ar atráth chun déanamh togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a éascú

2. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le talamh arb éard é—
- (a) príomháit chónaithe phríobháideach mhorgáisteoir na talún lena mbaineann, nó
 - (b) príomháit chónaithe phríobháideach duine a mbeadh, gan toiliú uaidh nó uaithi, tíolacas i leith na talún sin ar neamhní mar gheall ar cheann acu seo a leanas—
 - (i) an tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976, nó
 - (ii) an tAcht um Páirtneireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010.
- (2) In aon imeachtaí arna dtionscnamh ag morgáistí lena lorgáítear ordú seilbhe i leith talamh lena mbaineann an morgáiste agus ar talamh é an talamh sin a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis, féadfaidh an chúirt, gan dochar d’aon chumhacht eile a fhéadfaidh a bheith ag cúirt chun imeachtaí a chur ar atráth—
- (a) ar fhorriarratas uaithi féin, más cuí léi déanamh amhlaidh,
 - (b) ar iarratas a bheith déanta chun na cúirte ag duine iomchuí agus, ag féachaint do na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, más cuí léi déanamh amhlaidh,
- na himeachtaí a chur ar atráth ar feadh tréimhse nach faide ná 2 mhí chun a chumasú don duine iomchuí—
- (i) dul i gcomhairle le cleachtóir dócmhainneachta pearsanta d’fhonn togra a dhéanamh le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, agus
 - (ii) más cuí, treoir a thabhairt don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta togra a dhéanamh le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta faoi Acht 2012.
- (3) Le linn don chúirt iarratas faoi *fho-alt (2)(b)* a bhreithniú, beidh aird aici ar cibé nithe is cuí léi agus go háirithe beidh aird aici ar na nithe seo a leanas:
- (a) an raibh an morgáisteoir rannpháirteach in aon phróiseas i ndáil le riaráistí morgáiste arna oibriú ag an morgáistí lena mbaineann, ar próiseas é a cheadaigh nó a d’éiligh Banc Ceannais na hÉireann agus a bhaineann leis an talamh is ábhar don mhorgáiste;
 - (b) an ndearna an morgáisteoir aon íocaíochtaí leis an morgáistí i leith airgead arna airleacan ar scór an mhorgáiste nó arna urrú ag an morgáiste sa 12 mhí díreach roimh an iarratas agus, má rinne, méid aon íocaíochtaí den sórt sin, líon agus minicíocht na n-íocaíochtaí sin, agus an chomhréir atá idir na méideanna íoctha agus méid aon íocaíochtaí rialta a ceanglaíodh ar an morgáisteoir a dhéanamh faoi théarmaí an mhorgáiste nó aon chomhaontú iasachta gaolmhar;
 - (c) ar cuireadh na himeachtaí ar atráth ar aon ócáid roimhe sin ar iarraidh ón morgáisteoir agus, má cuireadh, líon aon atráthanna den sórt sin agus tréimhse na n-atráthanna sin agus na cúiseanna leis na hatráthanna sin;
 - (d) iompar na bpáirtithe sa mhorgáiste in aon iarracht chun teacht ar réiteach ar an tsaincheist arb éard í déileáil le riaráistí íocaíochtaí atá dlite ar scór an mhorgáiste; agus
 - (e) an dealraitheach don chúirt, ag féachaint d’imthosca an cháis, gur go príomha chun moill

a chur ar dhul chun cinn na n-imeachtaí a dhéantar an t-iarratas ar atráth.

- (4) Ar dhul in éag d'aon tréimhse atrátha arna deonú faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an chúirt atráth breise a dheonú i dtaca leis na himeachtaí lena mbaineann i gcás go measann sí go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le togra a ullmhú le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta.
- (5) I gcás go gcuireann an chúirt imeachtaí ar atráth faoin alt seo, féadfaidh an chúirt, más cuí léi déanamh amhlaidh, a ordú go bhfuil na himeachtaí curtha ar atráth chuig ionad eile laistigh den chuaird chéanna den Chúirt Chuarda.
- (6) Tá feidhm ag an alt seo maidir le morgáistí arna gcruthú roimh theacht i ngníomh do Chuid 10 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009, nó dá éis.
- (7) San alt seo agus in *alt 3*—
 - ciallaíonn “Acht 2012” an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012;
 - tá le “tíolacas” an bhrí chéanna atá leis san Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976;
 - ciallaíonn “morgáiste” gníomhas morgáiste agus folaíonn sé muirear;
 - folaíonn “morgáistí” duine a fhaigheann teideal ó mhorgáistí agus glacadóir arna cheapadh nó arna ceapadh ag an morgáistí;
 - tá le “Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta” an bhrí chéanna atá leis in Acht 2012;
 - tá le “cleachtóir dócmhainneachta pearsanta” an bhrí chéanna atá leis in Acht 2012;
 - ciallaíonn “duine iomchuí” duine—
 - (a) is páirtí sna himeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, agus
 - (b) is duine a fhéadfaidh, faoi fhorálacha Acht 2012, togra a dhéanamh le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta.

Is sa Chúirt Chuarda a thionscnófar imeachtaí a bhaineann le morgáistí áirithe

3. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le talamh arb éard é—
 - (a) príomháit chónaithe phríobháideach mhorgáisteoir na talún lena mbaineann, nó
 - (b) príomháit chónaithe phríobháideach duine a mbeadh, gan toiliú uaidh nó uaithi, tíolacas i leith na talún sin ar neamhni mar gheall ar cheann acu seo a leanas—
 - (i) an tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976, nó
 - (ii) an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010,
 agus cruthaíodh an morgáiste lena mbaineann roimh an 1 Nollaig 2009.
- (2) Faoi réir *fho-alt (4)*, is sa Chúirt Chuarda a thionscnófar imeachtaí a thionscnóidh morgáistí lena lorgaítear ordú seilbhe i leith talamh lena mbaineann an morgáiste agus ar talamh é an talamh sin a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis.

- (3) Maidir le dlínse na Cúirte Cuarda chun imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a éisteacht agus a chinneadh, i gcás gur talamh é an talamh lena mbaineann a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis, is é nó is í an breitheamh den chuaird ina bhfuil an talamh nó aon chuid de suite a fheidhmeoidh í.
- (4) Ní choisceann *fo-alt (2)* ar dhuine imeachtaí a thionscnamh san Ard-Chúirt i gcás go mbeifear tar éis imeachtaí eile a bhaineann le forfheidhmiú chearta an mhorgáistí faoin morgáiste lena mbaineann a thionscnamh sa chúirt sin roimh theacht i ngníomh don alt seo agus i gcás nach mbeidh cinneadh déanta i leith na n-imeachtaí eile sin.

Foráil i leith imeachtaí áirithe

4. (1) Más rud é, tar éis teacht i ngníomh don alt seo, go dtionscnaíonn morgáistí imeachtaí lena lorgaítear seilbh ar thalamh, ar imeachtaí iad ina dtéann siad ar iontaoibh na bhforálacha reachtúla nó na bhforálacha leasaithe, measfar na himeachtaí a bheith tionscanta laistigh den teorainn ama chun críocha alt 9 den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha a shonraítear i *bhfo-alt (2)*.
- (2) Is iad na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—
 - (a) roimh theacht i ngníomh don alt seo, go raibh imeachtaí tionscanta ag an morgáistí, ar imeachtaí iad lena lorgaítear seilbh ar thalamh ar iontaoibh na bhforálacha reachtúla nó na bhforálacha leasaithe,
 - (b) gur tionscnaíodh na himeachtaí lena mbaineann laistigh den teorainn ama is infheidhme chun críocha alt 9(2) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961,
 - (c) nár cinneadh na himeachtaí lena mbaineann roimh theacht i ngníomh don alt seo,
 - (d) gur cruthaíodh an morgáiste lena mbaineann roimh an 1 Nollaig 2009,
 - (e) maidir leis an talamh is ábhar do na himeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, gurb é an talamh céanna nó gur cuid den talamh céanna é, leis an talamh ab ábhar do na himeachtaí dá dtagraítear i *mír (a)*.
- (3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* ach amháin maidir le himeachtaí arna n-eisiúint laistigh de 6 mhí ó theacht i ngníomh don alt seo.
- (4) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 2009” an tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009;

ciallaíonn “forálacha leasaithe” alt 62(2) agus (6) d’Acht 1964 faoi mar a bhí na forálacha sin díreach roimh theacht i ngníomh d’alt 8(1) d’Acht 2009 agus do Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin;

tá le “morgáiste” an bhrí chéanna atá leis sa *Conveyancing Act 1881*;

folaíonn “morgáistí” duine a fhaigheann teideal ó mhorgáistí agus glacadóir arna cheapadh nó arna ceapadh ag morgáistí;

ciallaíonn “forálacha reachtúla” ailt 2 agus 18 go 24 den *Conveyancing Act 1881*, ailt 3, 4 agus 5 den *Conveyancing Act 1911* agus alt 62(3), (7) agus (8) d’Acht 1964.

[2013.]

An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2013. [Uimh. 30.]

Gearrtheideal agus tosach feidhme

5. (1) Féadfar an tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2013 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh *ailt 2* agus *3* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€2.54

Wt. —, 52. 2/14. Clondalkin. (43247). Gr.30-15.

